An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority

**Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí**
Léigh go Cúramach

**Comhairleoir Dlí (Príomhoifigeach Cúnta) sa Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin**

Tá an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí ("ÚRSD") ag iarraidh Comhairleoir Dlí atá cáilithe go cuí a shainaithint agus a cheapadh chun ról lárnach a chomhlíonadh i bhfeidhmeanna ÚRSD a chur i gcrích.

## An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí, ÚRSD, faoin Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 ("an tAcht"), mar chomhlacht reachtúil neamhspleách atá freagrach as an soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí (aturnaetha agus abhcóidí araon) a rialáil agus as a chinntiú go ndéantar caighdeáin a chothabháil agus a fheabhsú sa dóigh a soláthraítear seirbhísí den sórt sin sa Stát. Tá roinnt feidhmeanna eile ag an Údarás, a dtugtar achoimre ar roinnt díobh thíos. Ba cheart d'iarratasóirí an tAcht a léamh chun sonraí iomlána a fháil. Bunaíodh an tÚdarás go foirmiúil an 1 Deireadh Fómhair 2016.

### Obair ÚRSD

Ón uair a bunaíodh é i leith, tá ÚRSD ag obair ar son an raoin feidhmeanna reachtúla atá aige a bhunú agus a chur chun feidhme. Bhunaigh sé Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha, ar clár poiblí inchuardaithe é a chuimsíonn ainm na n-abhcóidí uile atá i dteideal seirbhísí dlí a sholáthar sa Stát, agus leanann sé leis an Rolla a chothabháil. Chuir sé tús le gearáin a fháil agus a imscrúdú maidir le haturnaetha agus abhcóidí i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Mar chuid den obair leanúnach a dhéanann sé chun iomaíochas méadaithe a chinntiú san earnáil dlí, thug ÚRSD creat isteach i mí na Samhna 2019 lena gceadaítear do chomhpháirtíochtaí aturnaetha údarú a lorg chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta. Tá acmhainneacht ag tabhairt isteach na gComhpháirtíochtaí Dliteanais

Theoranta freisin iomaíochas a mhéadú sa mhargadh seirbhísí dlí, costais árachais slánaíochta gairmiúla a laghdú do Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta agus, ar an mbealach sin, costais dlí a laghdú do thomhaltóirí. Táthar ag súil leis go mbeidh ÚRSD in ann samhail ghnó bhreise seirbhísí dlí a thabhairt isteach trí Chomhpháirtíochtaí Dlí, lena n-áireofar comhpháirtíochtaí aturnae-abhcóide agus comhpháirtíochtaí abhcóide-abhcóide, a thabhairt isteach. Meastar go dtabharfar isteach í sa bhliain 2022.

Tá freagracht reachtúil leanúnach ar ÚRSD as feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i ndáil le seirbhísí dlí, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin.

Tá clár leanúnach dúshlánach taighde ar bun ag ÚRSD chun go gcomhlíonann sé a dhualgais reachtúla tuairiscithe faoin Acht. De bhreis ar dhualgais tuairiscithe bhliantúil, chuir ÚRSD roinnt tuarascálacha go dtí seo faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoin Acht. Ba é a bhí i gceist leis an ngníomhaíocht sin comhchomhairliúcháin fhairsinge le geallsealbhóirí agus taighde fairsing ar na cleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta a úsáidtear maidir le seirbhísí dlí a sholáthar agus le hoideachas agus oiliúint a chur ar dhlí-chleachtóirí.

**Struchtúr Eagrúcháin**

Is é a Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin a sholáthraíonn feidhm feidhmiúcháin ÚRSD. Mar eagraíocht atá ag fás, tá breis agus 40 ball foirne aige, a oibríonn i sé rannóg. Is iad sin:

- Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin;
- An Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin;
- An Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach;
- Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta;
- An Rannóg Tacaíochta don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí; agus
- An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha.

Tá príomhoifigí ÚRSD lonnaithe i mBóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7. Cuireadh áiseanna cianoibre ar fáil do bhaill foirne freisin, faoi réir riachtanais ghnó agus na srianta leanúnacha atá i bhfeidhm mar gheall ar Covid-19.

Ón mbliain 2019 i leith, tá ÚRSD ag fáil ioncam trí thobhach reachtúil a ghearrtar ar dhlí-chleachtóirí agus trí tháillí a bhaineann le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a údarú.

**An tÚdarás**

Tá an tÚdarás comhdhéanta de 11 Chomhalta a ainmnítear de réir alt 9 den Acht. Tá móramh agus cathaoirleach tuata ag an Údarás. Ceapann an Rialtas na comhaltaí den Údarás tar éis ainmniúcháin a fháil ó dheich n-eagraíocht. Dearadh an próiseas ainmniúcháin sin chun neamhspleáchas an Údaráis a chinntiú agus, ag an am céanna, cothromaíocht inscne agus leasanna a bhaint amach idir dlí-chleachtóirí agus na tomhaltóirí sin a bhaineann leas as seirbhísí dlí-chleachtóirí.

Is iad seo a leanas na comhaltaí reatha den Údarás:

- **Don Thornhill (Cathaoirleach)** - An tÚdarás um Ard-Oideachas
- **Angela Black** - An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- **Shane Galligan** - Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí
- **Dermott Jewell** - Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann
- **Sara Moorhead** - Comhairle an Bharra
- **Joan Crawford** - An Bord um Chúnamh Dlíthiúil
- **Eileen Barrington** - Cumann Onórach Óstaí an Rí
- **Geraldine Clarke** - An Dlí-Chumann
- **Simon Murphy** - An Dlí-Chumann
- **Deirdre Malone** - Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Tá folúntas ar chomhaltas an Údaráis ann faoi láthair agus táthar ag súil go gceapfar ainmní ón gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí roimh i bhfad.

**Fís, Feidhmeanna agus Cuspóirí ÚRSD**

**An Fhís atá againn:**

> *"An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí a bhunú mar chomhlacht rialála atá éifeachtúil, éifeachtach agus cuntasach agus a bhfuil an cumas aige leas an phobail agus leasanna tomhaltóirí seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn agus, ag an am céanna, gairm dlí atá neamhspleách, láidir agus iomaíoch agus a chloíonn le hardchaighdeáin ghairmiúlachta agus ionracais a spreagadh."*

**Ráiteas Straitéise ÚRSD don tréimhse 2019-2022**

**An Misean atá againn:**

> *"Déanfaidh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí rialáil ar sholáthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí agus cinnteoidh sé go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar na seirbhísí sin sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú."*

**Arna oiriúnú ó alt 13(1) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015**

**Na Sé Chuspóir Reachtúla atá againn:**

Déanfaidh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí na nithe seo a leanas

(1) Leas an phobail a chosaint agus a chur chun cinn.

(2) Tacú le riaradh cuí éifeachtach an cheartais.

(3) Leasanna tomhaltóirí a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn.

(4) An t-iomaíochas a chur chun cinn i soláthar seirbhísí dlí sa Stát.

(5) Gairm dlí neamhspleách láidir éifeachtach a spreagadh.

(6) Comhall na bprionsabal gairmiúil do dhlí-chleachtóirí a shonraítear san Acht a chur chun cinn agus a chothabháil.

**Na Ceithre Bhunluach atá againn:**

Is iad na ceithre bhunluach atá againn a threoróidh obair ÚRSD mar chomhlacht seirbhíse poiblí:

1. Neamhspleáchas
2. Cosaint do Thomhaltóirí
3. Nuálaíocht
4. Trédhearcacht agus Cuntasacht

**Na Príomhfheidhmeanna atá againn:**

Cuirfidh an tÚdarás na feidhmeanna sonracha seo a leanas i gcrích mar chuid den ról atá aige:

(1) Na nithe seo a leanas a choimeád faoi athbhreithniú, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire ina leith:

   a. na ceanglais maidir le glacadh atá ag an Dlí-Chumann, ag Comhairle an Bharra agus ag Cumann Onórach Óstaí an Rí;
   b. infhaighteacht agus cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear oiliúint leanúnach le haghaidh ghairmeacha na n-aturnaetha agus na n-abhcóidí;
   c. beartais i ndáil le daoine a ghlacadh agus/nó beartais an Dlí-Chumainn, Chomhairle an Bharra agus Chumann Onórach Óstaí an Rí i ndáil le daoine do theacht chun bheith i dteideal cleachtadh;
   d. cóid ghairmiúla;
   e. mar a eagraítear soláthar seirbhísí dlí sa Stát.

(2) Faisnéis a scaipeadh maidir leis na ceanglais oideachais agus chreidiúnaithe agus na nithe eile dá dtagraítear thuas a mhéid is cuí le ÚRSD.

(3) An cineál agus na leibhéil íosta árachais slánaíochta gairmiúla a theastaíonn a shonrú.

(4) Córas iniúchta ar dhlí-chleachtóirí a bhunú agus a riaradh chun críocha an Achta.

(5) Gearáin in aghaidh dlí-chleachtóirí a ghlacadh agus a imscrúdú.

(6) Rolla na n-abhcóidí cleachtacha a chothabháil.

(7) Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal maidir le seirbhísí dlí, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin.

(8) An tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le soláthar seirbhísí dlí agus moltaí a dhéanamh chun cuidiú leis an Aire chun beartas a chomhordú agus a fhorbairt.

(9) Tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí eile maidir le soláthar seirbhísí dlí a ghabháil de láimh, a choimisiúnú, nó cúnamh a thabhairt ina leith, is tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí eile a fhéadfaidh feabhsú ar chaighdeáin le haghaidh

sholáthar na seirbhísí sin agus feasacht an phobail ina dtaobh a chur chun cinn, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire.

(10) Aon fheidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht seo nó le rialacháin arna ndéanamh faoi a chomhlíonadh.

**An Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin**

Oibreoidh an t-iarrthóir rathúil mar Chomhairleoir Dlí san Aonad Seirbhísí Dlí agus Rialála de Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin ÚRSD. Tá an Rannóg comhdhéanta de dhá aonad mar a leanas:

- An tAonad Seirbhísí Dlí agus Rialála, agus
- An tAonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí.

**An tAonad Seirbhísí Dlí agus Rialála**

Comhlíonann an tAonad Seirbhísí Dlí agus Rialála ról ríthábhachtach i gcabhrú leis an Údarás a phríomhfheidhmeanna a chomhall, lena n-áirítear an soláthar seirbhísí dlí a rialáil, leas an phobail a chosaint, agus tacú le riaradh cuí éifeachtach an cheartais.

Tugann an tAonad Seirbhísí Dlí agus Rialála comhairle dlí do Choiste Feidhmiúcháin ÚRSD maidir leis an raon leathan gníomhaíochtaí a bhfuil ÚRSD gafa leo. Áirítear léi sin in amanna comhairle a thabhairt maidir le feidhm gearán ÚRSD faoi Chuid 6 den Acht, comhairle dlí a thabhairt maidir le tuarascálacha reachtúla, agus comhairle a thabhairt maidir le réimsí féideartha dlíthíochta i gcás go dtagann siad chun cinn.

Áirítear le róil agus freagrachtaí an Aonaid Seirbhísí Dlí agus Rialála na nithe a leagtar amach in Aguisín a Dó.

**An tAonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí**

Tá freagracht ar an Aonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí as na nithe seo a leanas:

- Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chothabháil;
- Próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar údarú comhpháirtíochtaí aturnaetha atá ann cheana chun oibriú mar chomhpháirtíochtaí dliteanais theoranta;
- An clár comhpháirtíochtaí dliteanais theoranta a chothabháil;
- Aon táillí a éilítear faoin Acht a bhailiú;
- An tobhach a ríomh, a chur chun feidhme, a bhailiú agus a fhorfheidhmiú.

Tá freagracht ar an aonad freisin as oibleagáidí ÚRSD a chomhlíonadh i dtaca le hárachas slánaíochta gairmiúla faoi Chuid 5 den Acht agus beidh freagracht air freisin as clár comhpháirtíochtaí dlí agus cleachtas ildisciplíneach a chothabháil in am trátha.

**Ról an Chomhairleora Dlí:**

Oibreoidh an Comhairleoir Dlí san Aonad Seirbhísí Dlí agus Rialála agus tuairisceoidh sé nó sí do Cheann na Rannóige Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin. Beidh freagracht ar an gComhairleoir Dlí as méid agus raon dúshlánach cúraimí comhairle dlí a chur i gcrích ar bhonn freagrúil agus ar bhonn tionscadail araon. Éileofar ar an iarrthóir rathúil obair mar chuid d'fhoireann bheag agus ar a thionscnamh nó a tionscnamh féin.

**Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:**

I measc na ndualgas a shannfar don ról, beidh freagracht ar an gComhairleoir Dlí as na nithe seo a leanas:

- Comhairle dlí atá praiticiúil, fónta agus tráthúil a thabhairt maidir le gnéithe éagsúla a bhaineann le ról an Údaráis faoin Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, agus faoi na Rialacháin a rinneadh dá bhun;
- An chomhairle agus an tacaíocht dlí ghinearálta inmheánach a theastaíonn de ghnáth in eagraíocht earnála poiblí (lena n-áirítear maidir le cosaint sonraí, saoráil faisnéise, nochtadh cosanta, an reachtaíocht in aghaidh sciúradh airgid, agus an dlí soláthair);
- Comhairle a thabhairt maidir le comhaid dlíthíochta agus iad a bhainistiú;
- Dréachtú agus athbhreithniú a dhéanamh ar Rialacháin, ar threoir agus ar dhoiciméid eile chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis ar fad cothrom le dáta, cruinn ó thaobh an dlí de agus soiléir;
- Tabhairt faoi aon dualgais a bhféadfadh an Ceann ar an Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin iad a shannadh.

Níor cheart na freagrachtaí atá leagtha amach sa sainchuntas poist seo a mheas a bheith cuimsitheach agus is féidir go gcuirfear freagrachtaí breise leo nó go n-athrófar iad de réir mar is gá.

**Critéir Bhunriachtanacha:**

Ní mór d'iarrthóirí, an 01 Feabhra 2022 nó roimh an dáta sin:

1.
   a. Bheith glaoite chun Barra na hÉireann agus/nó bheith rollaithe mar abhcóide sa Stát, ***nó***
      Bheith glactha agus rollaithe mar aturnae sa Stát,

      **<u>agus</u> na nithe seo a leanas a bheith acu:**

   b. Taithí trí bliana ar a laghad ar obair mar abhcóide cleachtach nó mar aturnae cleachtach sa Stát, ***nó***
      Taithí trí bliana ar a laghad ar obair i gcáil comhairle dlí in eagraíocht inchomparáide.

2. Taithí ar thuairimí dlíthiúla substainteacha a sholáthar i ndlí bunreachtúil na hÉireann, i ndlí an riaracháin agus i léiriú reachtúil.

3. Taithí fhairsing ar dhlíthíocht a sheoladh nó ar sheoladh dlíthíochta a bhainistiú, lena n-áirítear os comhair na nUaschúirteanna. D'áireofaí leis sin comhairle a thabhairt maidir le nithe dlíthíochta, eolas cuimsitheach ar rialacha agus nósanna imeachta na Cúirte, ar rialacha na fianaise agus ar phrofaí a chur le chéile.

4. Dea-thaifead ar shaincheisteanna dlíthiúla casta a anailísiú faoi bhrú agus ar chomhairle dlí atá fónta agus tráthúil a thabhairt ar fud réimsí éagsúla de réir spriocdhátaí dochta.

5. Cumas cruthaithe chun a chuid nó a cuid ama féin a eagrú go héifeachtach, an t-ualach oibre a chur in ord tosaíochta agus amlínte réadúla a shocrú le haghaidh na n-aschur riachtanach a sholáthar.

6. An cumas chun saincheisteanna casta a chur in iúl ar bhealach soiléir gonta.

7. An cumas chun obair go neamhspleách agus chun foireann a stiúradh.

8. Tiomantas do luachanna seirbhíse poiblí agus do sheirbhís phoiblí ar ardchaighdeán a sholáthar.

**Scileanna, taithí agus cáilíochtaí atá inmhianaithe:**
Cé nach bhfuil siad bunriachtanach, cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh freisin:

A. Taithí ar an dlí rialála/forfheidhmithe;
B. Cáilíocht i ndoiciméid reachtacha a dhréachtú agus/nó taithí ar dhoiciméid reachtacha a dhréachtú;
C. Taithí ar dhlí na gconarthaí agus ar an dlí fostaíochta;
D. Taithí phraiticiúil ar chomhairle dlí a thabhairt do Roinn Rialtais, do chomhlacht poiblí nó d'eintiteas rialáilte ar nithe rialála;
E. Sárscileanna i ndoiciméid a dhréachtú.

Is mar a leanas atá na príomhinniúlachtaí a bhaineann le feidhmíocht éifeachtach i ról an Chomhairleora Dlí (Príomhoifigeach Cúnta):

- Ceannaireacht.
- Anailís agus Cinnteoireacht.
- Torthaí a Bhainistiú agus a Sholáthar.
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide.
- Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt.
- Treallús agus Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí.

**Is féidir tuilleadh faisnéise faoi inniúlachtaí an Phríomhoifigigh Chúnta a fháil anseo:**
**https://www.publicjobs.ie/restapi/documents/Assistant_Principal_Officer_Level.pdf**

**Príomhchoinníollacha Seirbhíse:**

**Ginearálta**

Is ar bhonn buan a dhéantar ceapacháin mar sheirbhíseach poiblí de réir alt 25(4) den Acht, faoi réir an tréimhse phromhaidh shonraithe a chur i gcrích go sásúil.

**Tuarastal**
Tá an tuarastal don phost bunaithe ar an bpointe tosaithe ar scála an Phríomhoifigigh Chúnta (Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin).
Beidh tú ag tosú ag an gcéad phointe den scála. Is mar seo a leanas atá an scála ábhartha (Ciorclán 19/2021 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe).

€69,709 €72,268 €74,871 €77,483 €80,090 €81,593 €84,225 [1] €86,865[2]

*Féadfar breisíochtaí fadseirbhíse a íoc tar éis seirbhís shásúil trí bliana (LSI-1) agus sé bliana (LSI-2) ag uasphointe an scála.

*Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfadh go mbeadh pá éagsúil agus coinníollacha éagsúla i gceist más rud é, roimh an gceapachán chuig an Údarás, go bhfuil nó go raibh an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina sheirbhíseach poiblí nó ina seirbhíseach poiblí ar seirbhís.*

Measfar tuarastal a bheith fabhraithe ó lá go lá agus a bheith iníoctha i gcuntas bainc an té a cheapfar i dtráthchodanna cothroma gach coicís i riaráiste trí ríomhaistriú airgid.

Is féidir go gcoigeartófar an ráta pá sin ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais. Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

**Saoire Bhliantúil**

30 lá oibre a bheidh sa tSaoire Bhliantúil. Níl laethanta saoire poiblí ar áireamh sa teidlíocht sin.

**Pinsean**

Is Comhlacht Seirbhíse Poiblí é ÚRSD agus is údarás ábhartha é don Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an Scéim Pinsean Aonair). Éireoidh daoine atá fostaithe ag ÚRSD ina mbaill den Scéim Pinsean Aonair.

I gcás go raibh fostaí ina bhall nó ina ball de scéim pinsean seirbhíse poiblí a bhí ann roimh an mbliain 2013, féadfar feidhm a bheith ag an scéim sin, faoi réir coinníollacha áirithe a chomhlíonadh.

Is féidir tuilleadh faisnéise i dtaca leis an Scéim a fháil ar an suíomh Gréasáin ag www.singlepensionscheme.gov.ie

**Promhadh**
Ní mór don cheapaí tréimhse phromhaidh a chur isteach, ar tréimhse í a mhairfidh dhá mhí dhéag de ghnáth. I gcás gur sásúil ó thaobh na sláinte, an fhreastail, an iompair agus na héifeachtúlachta ginearálta de a bheidh seirbhísí an cheapaí sa tréimhse phromhaidh, déanfar an ceapaí, ar chríochnú na tréimhse, a cheapadh ar deireadh. I gcás gur míshásúil a bheidh seirbhísí an cheapaí, féadfar an ceapachán a fhoirceannadh tráth ar bith le linn na tréimhse. Féadfaidh ÚRSD an tréimhse phromhaidh a fhadú más gá.

**Dualgais**

Beifear ag súil go gcomhlíonfaidh an ceapaí na gníomhartha, na dualgais agus na hoibleagáidí uile is iomchuí don phost seo (a fhéadfar a leasú ó am go chéile).

**Uaireanta Freastail**
Beidh uaireanta freastail mar atá socraithe ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 43 huaire agus 15 nóiméad chomhlána an chloig sa tseachtain (37 n-uaire an chloig glan).

Beidh ar an gceapaí uaireanta breise a dhéanamh ó am go chéile.

**Saoire Bhreoiteachta**
De réir fhorálacha na gciorclán maidir le saoire bhreoiteachta, íocfar pá le linn saoire bhreoiteachta chuí-dheimhnithe ar bhonn pro rata, ar choinníoll nach mbeidh aon fhianaise ann go bhfuiltear míchumasach go buan le haghaidh seirbhíse.

Éileofar ar cheapaithe sainordú a shíniú lena dtabharfar údarás don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le ÚRSD. Beidh íocaíocht le linn na breoiteachta faoi réir na héilimh riachtanacha a bheith á ndéanamh ag an gceapaí.

**FÓGRA TÁBHACHTACH**
***Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfadh go mbeadh téarmaí agus coinníollacha difriúla i gceist más rud é, díreach roimh an gceapachán, gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí atá ag fónamh faoi láthair é nó í an ceapaí.***

***Tugtar breac-chuntas thuas ar na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta ar fad a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.***

## Próiseas an Chomórtais

## An Próiseas Iarratais

Ba cheart iarratais a chur isteach go leictreonach le ríomhphost chuig recruit@lsra.ie. Ba cheart "Legal Advisor Application – [D'ainm Anseo]" a lua i dteideal ábhair an iarratais ríomhphoist. Mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfadh go measfaí d'iarratas a bheith neamh-incháilithe. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta agus an ama deiridh.

Ba cheart d'iarrthóirí a chinntiú go dtugann siad fianaise ar conas a chomhlíonann siad na critéir bhunriachtanacha thuas agus go dtaispeánann siad na hinniúlachtaí atá riachtanach do ról an Chomhairleora Dlí.

Ba cheart d'iarratasóirí a bhfoirm iarratais lán-chomhlánaithe a chur isteach, áit a bhfuil na nithe seo a leanas ar áireamh:

- Cáilíochtaí Acadúla, Gairmiúla nó Teicniúla;
- Stair Fostaíochta;
- Achoimre ar Thaithí;
- Príomhéachtaí go dtí seo;
- Cleachtadh Taighde; agus
- Ráiteas Pearsanta.

Ní mór d'iarrthóirí teidlíocht dhlíthiúil a bheith acu i leith obair in Éirinn tráth an iarratais.

## Dáta Deiridh

Ba cheart iarratais a chur isteach go leictreonach le ríomhphost chuig recruit@lsra.ie. **Is é meán lae (12pm) an 04 Feabhra 2022 an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais.**

Mura bhfuil admháil faighte agat laistigh de thrí lá oibre ón dáta deiridh á rá go bhfuarthas d'iarratas, déan teagmháil le dbfleming@lsra.ie.

**Tá sé de bheartas dian ag ÚRSD nach nglacfar le hiarratais tar éis an dáta agus an ama deiridh. Fágann sé sin nach mbreithneofar aon iarratas a gheofar tar éis meán lae (12pm) an 04 Feabhra 2022. Moltar go mór duit, dá bhrí sin, d'fhoirm iarratais a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.**

### An Próiseas Roghnúcháin

Is féidir go mbeidh an méid seo a leanas i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin:

- Iarrthóirí a ghearrliostú ar bhonn na fianaise atá ina n-iarratas;
- Agallamh iomaíoch/agallaimh iomaíocha;
- Triail theicniúil;
- Rólimirt oibre/rólghlacadh/láithreoireacht agus aon trialacha nó aon chleachtaí eile a mheasfar a bheith cuí.

**Gearrliostú**
Fiú amháin i gcás go gcomhlíonfaidh iarrthóir riachtanais incháilitheachta an chomórtais, d'fhéadfadh ÚRSD a chinneadh nach ngairfí ach roinnt daoine chun dul chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin i gcás nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine de bharr an lín atá ag déanamh iarratas ar an bpost. Bainfidh ÚRSD úsáid as próiseas gearrliostúcháin chun roghnú a dhéanamh ar ghrúpa daoine a mheasfar a bheith ar na daoine is oiriúnaí don phost tar éis na foirmeacha iarratais a scrúdú. Ní hé sin le rá nach bhfuil na hiarrthóirí eile oiriúnach ná nach bhfuil siad in ann an post a dhéanamh. Ina ionad sin, táthar á rá go meastar go bhfuil roinnt iarrthóirí ann a bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu, bunaithe ar a n-iarratas.

Déanfaidh bord saineolaithe scrúdú ar na foirmeacha iarratais in aghaidh critéir chomhaontaithe ghearrliostúcháin atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin, tá sé chun do leasa féin a chinntiú go dtugann tú cuntas cruinn mionsonraithe ar do chuid cáilíochtaí agus taithí i d'iarratas.

**Agallaimh**

Is dócha go gcuirfear na hagallaimh ar siúl sa tseachtain dar tosach an 14 Feabhra 2022. De bharr srianta a bhaineann le Covid-19, is féidir go mbainfear úsáid as bogearraí físchomhdhála i bpróiseas an agallaimh.

Beidh formáid leathstruchtúrtha ag na hagallaimh, ar lena linn a iarrfar ar iarrthóirí samplaí a thabhairt de na hinniúlachtaí a theastaíonn don ról agus fianaise a thabhairt ar na hinniúlachtaí sin. Déanfaimid ár ndícheall an oiread fógra roimh ré agus is féidir a thabhairt faoi dhátaí agallaimh.

Maidir le hiarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh mar atá sceidealaithe nó nach dtugann aon fhianaise a éilítear i dtaca le ní ar bith a bhaineann lena n-iarratas, ní bheidh aon éileamh acu a thuilleadh ar a bheith lena mbreithniú sa phróiseas seo.

Ní mór d'iarrthóirí fianaise dhoiciméadach shásúil a thabhairt ar gach cáilíocht atá maíte acu ach í a iarraidh. Mura dtugann iarratasóirí fianaise dhoiciméadach den sórt sin arna iarraidh sin, is féidir go ndícháileofar iad ón gcomórtas agus/nó go bhfoirceannfar a gconradh. Moltar, dá bhrí sin, na doiciméid sin a bheith ar láimh agat agus tú ag déanamh d'iarratais.

Dícháileofar aon iarrthóirí a sholáthraíonn faisnéis bhréagach nó mhíthreorach ina n-iarratas.

## Painéal

Tá sé mar aidhm ag ÚRSD painéal de na hiarrthóirí rathúla ar ról an Chomhairleora Dlí a chur le chéile in ord fiúntais.

I gcás go dtiocfaidh folúntais chun cinn sa todhchaí do ról an Chomhairleora Dlí, féadfar iad a thairiscint dóibh sin ar an bpainéal in ord fiúntais.

Rachaidh aon phainéal cruthaithe as feidhm tar éis tréimhse ainmnithe óna bhunú (dhá mhí dhéag de ghnáth) nó i gcás gur ídíodh é, cibé acu is luaithe.

Féadfaidh ÚRSD a chinneadh nach gcuirfear ach líon áirithe ar aon phainéal den sórt sin.

**Ní** dearbhú go gceapfar duine chuig post atá ina cháiliú chuig painéal agus ina chur air. Maidir le haon iarrthóirí nach gceaptar roimh dhul as feidhm an phainéil, ní bheidh aon éileamh acu ar phost ina dhiaidh sin toisc iad a bheith curtha ar an bpainéal.

Tabharfar d'iarrthóirí rathúla faisnéis níos mine maidir le painéal a bhunú (más ann), leis an bhfad ama a bheidh aon phainéal den sórt sin i bhfeidhm agus le háiteanna ar an bpainéal.

Más rud é go gcuirtear ar phainéal thú agus go dtairgtear post duit ina dhiaidh sin, ní mór duit bheith ar fáil chun glacadh leis an bpost a thairgtear. Is féidir go mbeidh sé riachtanach folúntais a líonadh lom láithreach agus, dá bhrí sin, rachaidh ÚRSD díreach ar aghaidh chuig an gcéad iarrthóir eile atá ar fáil mura féidir dul i dteagmháil leat.

**Sláinte agus Teistiméireachtaí faoi Charachtar**

Ní mór d'iarrthóirí dea-shláinte a bheith acu, cumas agus inniúlacht a bheith acu chun an obair a shanntar dóibh a dhéanamh, agus dea-charachtar a bheith acu. Éileofar orthu sin atá á mbreithniú le haghaidh poist dearbhú sláinte agus carachtair a chomhlánú.

Is féidir leat a bheith cinnte de nach ndéanfaimis teagmháil le teistiméirí ach amháin dá ndéanfaí breithniú ort tar éis chéim an réamhagallaimh. Tabhair faoi deara gurb amhlaidh, i gcás go n-éireoidh leat san agallamh, ***go dteastóidh uainn*** teistiméireacht ó d'fhostóir reatha nó ón bhfostóir is déanaí a bhí agat.

Ba cheart do theistiméirí bheith in ann faisnéis a thabhairt maidir le d'fheidhmíocht, do charachtar agus d'iompraíocht i gcomhthéacs oibre le gairid.

**Canbhasáil**
Ba cheart d'iarrthóirí a bheith ar an eolas freisin go ndícháileofar a n-iarratas i gcás go ndéanfaidh siad aon iarracht tacaíocht dá n-iarratas a iarraidh ó dhuine ar bith, seachas teistiméir atá ainmnithe ar na foirmeacha iarratais.

**Fostóir Comhionannas Deiseanna**
Tá an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí tiomanta do chomhionannas deise san fhostaíocht agus fáiltíonn sé roimh iarratais ó gach duine, beag beann ar mhíchumas, ar inscne, ar chine, ar aois, ar chreideamh/thuairim pholaitiúil nó ar ghnéaschlaonadh. Breithnítear gach iarratas ar fhostaíocht ar bhonn fiúntais agus ar an mbonn sin amháin.

**Imréiteach Slándála**
Is féidir go dteastóidh imréiteach slándála ó roinnt post in ÚRSD agus beidh sé riachtanach foirm a chomhlánú le haghaidh ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ina leith. I gcás go dtiocfaidh coinbhleachtaí leasa chun cinn, is féidir nach mbreithneofar iarrthóirí le haghaidh poist áirithe.

**An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (an Rialachán Ginearálta)**
Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí in éifeacht an 25 Bealtaine 2018, agus é ag teacht in ionad an chreata cosanta sonraí a bhí ann cheana faoi Threoir an Aontais Eorpaigh um Chosaint Sonraí. Nuair a fhaightear an fhoirm iarratais uait, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm agus cuirtear cuid mhór den fhaisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú isteach sa taifead sin. Úsáidtear an taifead pearsanta sin chun d'iarratas a phróiseáil agus

chuige sin amháin. Baintear míreanna áirithe faisnéise nach bhfuil sonrach do dhuine aonair ar bith as taifid chun críocha ginearálta staidrimh. Chun iarraidh a dhéanamh ar rochtain ar do shonraí pearsanta, seol d'iarraidh chuig dpo@lsra.ie, á chinntiú go dtugann tú an oiread mionsonraí agus is féidir faoi na sonraí pearsanta atá á lorg agat chun cur ar ár gcumas an taifead iomchuí nó na taifid iomchuí a shainaithint.

**Incháilitheacht**

Ní mór d'Iarrthóirí Incháilithe:

(a) A bheith ina saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE); Is é atá in LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó

(b) A bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir leis an tsaorghluaiseacht daoine; nó

(c) A bheith ina saoránach de chuid tír nach tír LEE í agus ar céile nó leanbh é nó í le saoránach de chuid LEE nó de chuid na hEilvéise a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó

(d) A bheith ina nduine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta dó nó di faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó ina mball teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó

(e) A bheith ina saoránach de chuid tír nach tír LEE í agus ar tuismitheoir é nó í le leanbh cleithiúnach ar saoránach agus cónaitheach é nó í de chuid ballstát de LEE nó de chuid na hEilvéise agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici

Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí ceann ar bith de na critéir shaoránachta thuas a chomhlíonadh faoi dháta aon tairisceana poist.

**Tabhair faoi deara: Is mar eolas amháin atá an doiciméad seo, agus níl sé beartaithe a bheith ina léiriú dlíthiúil ar aon doiciméid, treoirlínte nó reachtaíocht eile**

**ÚRSD Eanáir 2022**

**Aguisín a hAon:**
**Príomhinniúlachtaí le haghaidh feidhmíocht éifeachtach ag leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta:**



# Assistant Principal Officer Level Competencies

## Effective Performance Indicators

| | |
|---|---|
| **Leadership** | Actively contributes to the development of the strategies and policies of the Department/ Organisation |
| | Brings a focus and drive to building and sustaining high levels of performance, addressing any performance issues as they arise |
| | Leads and maximises the contribution of the team as a whole |
| | Considers the effectiveness of outcomes in terms wider than own immediate area |
| | Clearly defines objectives/ goals & delegates effectively, encouraging ownership and responsibility for tasks |
| | Develops capability of others through feedback, coaching & creating opportunities for skills development |
| | Identifies and takes opportunities to exploit new and innovative service delivery channels |
| **Analysis & Decision Making** | Researches issues thoroughly, consulting appropriately to gather all information needed on an issue |
| | Understands complex issues quickly, accurately absorbing and evaluating data (including numerical data) |
| | Integrates diverse strands of information, identifying inter-relationships and linkages |
| | Makes clear, timely and well grounded decisions on important issues |
| | Considers the wider implications of decisions on a range of stakeholders |
| | Takes a firm position on issues s/he considers important |
| **Management & Delivery of Results** | Takes responsibility for challenging tasks and delivers on time and to a high standard |
| | Plans and prioritises work in terms of importance, timescales and other resource constraints, re-prioritising in light of changing circumstances |
| | Ensures quality and efficient customer service is central to the work of the division |
| | Looks critically at issues to see how things can be done better |
| | Is open to new ideas initiatives and creative solutions to problems |
| | Ensures controls and performance measures are in place to deliver efficient and high value services |
| | Effectively manages multiple projects |
| **Interpersonal & Communication Skills** | Presents information in a confident, logical and convincing manner, verbally and in writing |
| | Encourages open and constructive discussions around work issues |
| | Promotes teamwork within the section, but also works effectively on projects across Departments/ Sectors |
| | Maintains poise and control when working to influence others |
| | Instills a strong focus on Customer Service in his/her area |
| | Develops and maintains a network of contacts to facilitate problem solving or information sharing |
| | Engages effectively with a range of stakeholders, including members of the public, Public Service Colleagues and the political system |
| **Specialist Knowledge, Expertise and Self Development** | Has a clear understanding of the roles objectives and targets of self and the team and how they fit into the work of the unit and Department/ Organisation |
| | Has a breadth and depth of knowledge of Department and Governmental issues and is sensitive to wider political and organisational priorities |
| | Is considered an expert by stakeholders in own field/ area |
| | Is focused on self development, seeking feedback and opportunities for growth to help carry out the specific requirements of the role |
| **Drive & Commitment to Public Service Values** | Is self motivated and shows a desire to continuously perform at a high level |
| | Is personally honest and trustworthy and can be relied upon |
| | Ensures the citizen is at the heart of all services provided |
| | Through leading by example, fosters the highest standards of ethics and integrity |

**Aguisín a Dó:**

**Áirítear na nithe seo le Róil agus Freagrachtaí an Aonaid Seirbhísí Dlí agus Rialála:**

**1.1 Seirbhísí Dlí (Seachtrach)**

- Abhcóidí dlí a threorú agus a cheapadh de réir mar is cuí;
- Ionadaíocht a dhéanamh do ÚRSD ag éisteachtaí cúirte ar gach leibhéal agus ag fóraim eile amhail fiosrúcháin phoiblí;
- Iarratais a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar orduithe chun sáruithe ar an Acht a chosc, nó na hiarratais sin a bhainistiú (alt 35);
- Bainistiú a dhéanamh ar an ionchúiseamh cionta achoimre faoin Acht (alt 36);
- Bainistiú a dhéanamh ar an ionchúiseamh cionta arna ndéanamh ag daoine le linn iniúchtaí a dhéanamh (alt 42);
- Aon iarratais chun na hArd-Chúirte a bhainistiú (ailt 85(7), 115, 127, 128);
- Aon achomhairc chun na Cúirte Achomhairc a bhainistiú (ailt 87, 114(5), 115, 128(7)); agus
- Aon duine neamhcháilithe atá ag soláthar seirbhísí dlí mar abhcóide cleachtach a ionchúiseamh, nó ionchúiseamh aon duine den sórt sin a bhainistiú (ailt 136 agus 137).

**1.2 Seirbhísí Dlí (Inmheánach)**

- Comhairle dlí a theastaíonn ó Choiste Feidhmiúcháin ÚRSD nó ón Údarás a thabhairt;
- Cabhair agus comhairle a thabhairt do Chigirí ÚRSD le linn iarratais a dhéanamh chun na hArd-Chúirte lena dtugtar údarás do chigirí a gcumhachtaí a fheidhmiú (alt 40);
- Cabhair agus comhairle a thabhairt do Chigirí ÚRSD le linn iarratais a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordacháin cloí le ceanglais a mheastar a bheith éigeantach chun críche iniúchta (alt 41);
- Comhairle a thabhairt maidir le dlíthíocht shibhialta, lena n-áirítear staid dliteanais éileamh dlí, agus an socrú éileamh a idirbheartú de réir mar is cuí faoi ordachán ag an bPríomhfheidhmeannach;
- Comhairle agus anailís ar an margadh seirbhísí dlí i gcoitinne a thabhairt; agus
- Faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa soláthar seirbhísí dlí agus sa dlí i gcoitinne.

**1.3 Seirbhísí Dlí a bhaineann leis an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí agus lena Choistí**

- Bainistiú a dhéanamh ar aon achomhairc chun na hArd-Chúirte ó ordachán nó cinneadh ón gCoiste Rannach um Ghearáin (alt 72(2));
- Fianaise a thíolacadh don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí nó maoirseacht a dhéanamh ar an tslí ar a dtíolactar fianaise don Bhinse (alt 78 nó alt 81(4));
- Bainistiú a dhéanamh ar aon achomhairc chun na hArd-Chúirte ó ordú ón mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (alt 80);
- Bainistiú a dhéanamh ar aon achomhairc chun na hArd-Chúirte maidir le haon chinneadh ón mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí go raibh mí-iompar ann nó maidir le haon smachtbhanna (ailt 83 agus 84);

- Bainistiú a dhéanamh ar aon iarratais ón Údarás chun na hArd-Chúirte maidir le cinntí ón gCoiste Athbhreithnithe (alt 63); agus
- Bainistiú a dhéanamh ar aon iarratais forfheidhmiúcháin maidir le halt 90, lena n-áirítear iad sin a bhaineann leo seo:
    i. Ordachán ón Údarás,
    ii. Cinneadh ón gCoiste Athbhreithnithe,
    iii. Ordachán ón gCoiste Rannach,
    iv. Ordú ón mBinse Araíonachta.

**2. Rialáil**

- Maoirseacht, dréachtú, athbhreithniú agus rialáil a dhéanamh ar aon Chóid Chleachtais agus aon chóid ghairmiúla, nó cabhair a thabhairt leo, i gcomhar leis an Aonad Oideachais, Taighde agus Anailíse (ailt 22 agus 23);
- Cabhrú le dréachtú agus cothabháil a dhéanamh ar threoirlínte maidir le gearáin a réiteach trí idirghabháil nó ar shlí neamhfhoirmiúil (alt 67);
- Rialacháin maidir le hoibriú i dtaca le halt 116 a dhréachtú, nó cabhair a thabhairt le linn iad a dhréachtú:
    i. (1)(a) – Comhpháirtíochtaí dlí
    ii. (1)(b) – Cleachtais ildisciplíneacha;
- Dréachtú a dhéanamh, nó cabhrú le dréachtú a dhéanamh, ar rialacháin maidir le comhpháirtíochtaí dliteanais theoranta a oibriú agus a bhainistiú (alt 130);
- Dréachtú a dhéanamh, nó cabhrú le dréachtú a dhéanamh, ar rialacháin maidir le fógraíocht ag aturnaetha agus ag abhcóidí araon;
- Maoirseacht nó dréachtú a dhéanamh ar aon rialacháin riachtanacha faoin Acht nó cabhair a thabhairt leo; agus
- Idirphlé gairmiúil le comhlachtaí dlí amhail Barra na hÉireann, an Dlí-Chumann agus Cumann Onórach Óstaí an Rí a chothabháil agus a fhorbairt.

**3. Rannchuidiú Reachtaíochta**

- Moltaí a athbhreithniú agus a dhéanamh le haghaidh athruithe reachtaíochta sa todhchaí chun bunús reachtúil ÚRSD a fheabhsú;
- Comhairle shaineolaíoch a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach agus don Údarás maidir le gach gné den reachtaíocht a bhaineann le feidhmeanna reachtúla ÚRSD, go háirithe an tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí agus na fo-rialacháin iarmhartacha; agus
- Moltaí a dhéanamh don Phríomhfheidhmeannach, agus iad a choinneáil faoi athbhreithniú, maidir le forbairtí i dtaca leis an soláthar seirbhísí dlí sa Stát agus maidir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus na treochtaí éiritheacha sa soláthar seirbhísí dlí.